# Babhta Coimisiúnaithe do Cheiliúradh Ceoil & Cultúir

# Dáta Deiridh d'Iarratais: 14:00 an 9 Iúil 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua, TG4 eCoimisiúin, i bhfeidhm ag TG4. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ón earnáil léiriúcháin neamhspleách ar léirithe beo agus iarbheo i réimse an cheoil agus imeachtaí cultúir a chruthóidh mórócáidí teilifíse dár lucht féachana in Éirinn agus thar lear trasna gach ardán.

Tá spéis ar leith ag TG4 i dtograí a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid lárnach de sceideal imeachtaí na bliana go háirithe:

- Nollaig 2026
- Oíche Chinn Bliana 2026/27
- Lá Fhéile Bríde 2027
- Lá Fhéile Pádraig 2027

Táimid ag lorg ábhar uaillmhianach, siamsúil agus comhaimseartha a thabharfaidh lucht féachana agus pobail le chéile le linn mhórthréimhsí cultúir na bliana. Ábhar atá bunaithe ar chultúr agus ar fhéiniúlacht na hÉireann a bhfuil fuinneamh, féiniúlacht láidir fhísiúil agus tarraingt leathan lucht féachana ilardáin ag baint leis.

Moltar ard chaighdeán léirithe , fís chruthaíoch agus cur chuige uile ardán a bheith san áireamh sna h-iarratais. Moltar ábhar agus cur chuige a bhfuil saol fada (land mark) ar ardáin theilifíse agus dhigiteacha.

Ní mór don ábhar a bheith i nGaeilge go príomha agus é a bheith tarraingteach do phobal na Gaeilge chomh maith le lucht féachana níos leithne in Éirinn agus ar fud an domhain. Is féidir meascán de stíleanna ceoil a áireamh a mheallfaidh an lucht féachana is mó.

Ní gá go mbeadh an t-ábhar ceangailte go sonrach leis an tréimhse den bhliain ina gcraolfar é. Cuirfear fáilte roimh thograí láidre ceoil agus cultúir a bhfuil féidearthacht fhadtéarmach agus luach athchraolta acu mar chuid de sceideal leanúnach TG4 i gcaitheamh na bliana

Is féidir iarratas a dhéanamh ar léiriú uair a chloig amháin nó líon níos mó clár ach gach clár a bheith éagsúil óna chéile.

Buiséad in aghaidh na hUaire: **€150,000 ar a mhéad**
Buiséad (ar theimpléad Buiséid TG4)

**Beidh cearta saoil ag TG4 i gceist le clár d'Oíche Chinn Bliana.**

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin https://ecomm.tg4.ie/ , agus an t-iarratas a dhéanamh roimh an sprioc-am tríd an rogha, '**Céiliúradh Ceoil & Cultúir 2026'**, a roghnú ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is iad na comhlachtaí féin a chaithfidh a chinntiú gur seachadadh na hiarratais. Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Julieann Ní Fhátharta julieann.ni.fhatharta@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha. Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*